

**Uasdátú / Tuairisc don Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas
Gaeltachta**

**Aodán Mac Suibhne (Ionadaí Chomhdháil Cheannasaithe na
gColáistí Oideachais in Éirinn (*CHOICE*))**

**An Mháistreacht san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (M.Oid.) i
gColáiste Mhuire Gan Smál**

**An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (B. Oid.) in
Institiúid Oideachais Marino**

25 Meitheamh, 2018



*Coláiste Cleamhnaithe de chuid
Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath*

An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (B. Oid.) in Institiúid Oideachais Marino

Beidh an Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge ag tosú in Institiúid Oideachais Marino i Meán Fómhair, 2019.

Céim cheithre bliana lánaimseartha a bheidh inti, creidiúnaithe ag Coláiste na Tríonóide.

Beidh an chéim oiriúnach do scoláirí a bhfuil spéis acu múineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta nó i scoileanna Lán-Ghaeilge.

Tabharfar an chéim go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Maidir leis na scoláirí a bheidh an Institiúid ag iarraidh a mhealladh chuig an gcéim, beidh an Institiúid ag díriú ar mheánscoileanna Gaeltachta, ar mheánscoileanna Lán-Ghaeilge agus ar scoláirí i gcoitinne le spéis agus le hardchumas sa Ghaeilge.

Tógfair isteach idir 25 agus 35 mac léinn in aghaidh na bliana.

Coinneofar 10% de na háiteanna do scoláirí Gaeltachta.

Don Lár-Oifig Iontrála (CAO), mar sin, beidh dhá chód ann: CM003 agus do scoláirí Gaeltachta CM004.

Braithfidh an leibhéal pointí ar an éileamh a bheidh ann agus d'fhéadfadh leibhéal pointí beagáinín níos ísle a bheith ann do scoláirí ó na Gaeltachtaí.

Maidir leis na híosriachtanais iontrála don chéim, is iad na gnáth-íosriachtanais iontrála don bhunmhúinteoireacht a bheidh ann ach amháin go mbeidh H3 (70%) nó os a chionn ag teastáil sa Ghaeilge. Chomh maith leis sin, beidh gá Leibhéal B1 (Pas 50%) sa TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge). Ní bheidh pointí ag dul do TEG ná pointí breise do scoláirí a gheobhaidh marc níos airde ná 50% ná grád níos airde ná Leibhéal B1.

Maidir le Leibhéal B1 (Pas 50%) sa TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) a bhaint amach, beidh scoláirí in ann na scrúduithe TEG a dhéanamh i rith bhliain na hArdteistiméireachta agus sa scoilbhliain atá romhainn, is ar an Satharn, 23 Feabhra, 2019 i.e. an Satharn ag deireadh na seachtaine ina mbeidh briseadh lár téarma ag meánscoileanna a bheidh deiseanna ag scoláirí na scrúduithe TEG a dhéanamh. Feidhmíonn TEG as Ollscoil Mhá Nuad agus tá seans ann gur ansin a bheidh na scrúduithe TEG ach tá Institiúid Oideachais Marino ag iarraidh go mbeidh deiseanna ag scoláirí Gaeltachta na scrúduithe TEG

a dhéanamh in ionaid níos gaire do na Gaeltachtaí, mar shampla, i nGaillimh, sa Daingean, i Leitir Ceanainn, i mBaile Bhuirne agus sa Rinn chun turas fada ó na Gaeltachtaí go Maigh Nuad a sheachaint. D'fhéadfadh scoláirí ó Ráth Chairn na scrúduithe a dhéanamh in Ollscoil Mhá Nuad in éineacht le scoláirí ó Bhaile Átha Cliath agus araile. 150 Euro an costas a bheidh ann do gach scoláire Gaeltachta chun tabhairt faoi na scrúduithe TEG ach tá Institiúid Oideachais Marino chun an costas sin a chlúdach le hairgead ón Roinn Oideachais agus Scileanna i.e. do scoláirí rathúla sa T.E.G. a chláraíonn ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino. Sna blianta atá romhainn, d'fhéadfadh sé feiliúint ní b'fhéarr do scoláirí meánscoile tabhairt faoi na scrúduithe TEG le linn dóibh a bheith san Idirbhliain.

Maidir le scoláirí a mhealladh chun na céime, beidh obair mhór le déanamh. Beidh ar an Institiúid na buntáistí agus na nithe tarraingteacha a bhaineann leis an gcéim a chur ar a súile do na scoláirí, mar shampla, go dtabharfar an chéim go hiomlán trí mheán na Gaeilge, go mbeidh Scéim Chónaithe ann, go mbeidh deontas lóistín ann do scoláirí ó áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath, go mbeidh deontas taistil ann do scoláirí ó Bhaile Átha Cliath agus ó chontaetha in aice le Baile Átha Cliath, go ndéanfar gach Socrúchán Scoile trí mheán na Gaeilge, go ndéanfaidh gach mac léinn ar an gcéim Ardsocrúchán Scoile deich seachtaine i scoil Ghaeltachta sa Cheathrú Bliain den chéim agus go n-íocfaidh an Institiúid an costas ar fad a bhaineann leis sin, agus go mbeidh céimithe ón mB. Oid. Trí Mheán na Gaeilge á lorg le fostú ag scoileanna Gaeltachta agus ag scoileanna Lán-Ghaeilge.

Chun an scéal sin ar fad á scaipeadh tá ábhar bolscaireachta - idir réamheolaire, bhróisiúir, phóstaeir agus fhógraí - á n-ullmhú i láthair na huair agus tá Oifigeach Margaíochta / Gaeilge ceaptha ag an Institiúid a bheidh ag tosú ag deireadh Mhí Lúnasa. Beidh an duine sin ag dul amach chuig meánscoileanna ar fud na tíre le bualadh le scoláirí agus lena múinteoirí agus ag freastal ar aonaigh ghairmeacha (mar shampla, *Higher Options* an Irish Times i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, *Options West* i nGaillimh).

Mar sin, tá Institiúid Oideachais Marino ag tús na tréimhse ullmhúcháin faoi láthair. Bliain ullmhúcháin a bheidh sa bhliain acadúil atá romhainn agus beidh an chéim féin ag tosú i Meán Fómhair, 2019.

Ba mhaith leis an Institiúid, mar atá in *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, Deireadh Fómhair, 2016), go dtabharfaí "socrúchán bliana ráthaithe i scoil Ghaeltachta" do chéimithe, socrúchán a bheadh tarraingteach agus a thabharfadh deis dóibh tabhairt faoi mháistreacht in ábhar an oideachais trí mheán na Gaeilge ag an am céanna.